



Aighneacht

don

Chomhairliúchán

ar an

Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Meitheamh 2021

CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Straitéis Dhigiteach do Scoileanna.

Is í aidhm an aighneacht seo ná moltaí a thabhairt le cinntiú go mbeidh an Ghaeilge lárnach sa straitéis dhigiteach seo.

STRAITÉIS DHIGITEACH DO SCOILEANNA 2015 - 2020

Easnamh ollmhór a bhí sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 – 2020 nach raibh tagairt ar bith do riachtanais na Scoileanna Gaeltachta, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí inti. Tá súil ag Conradh na Gaeilge go mbeidh na riachtanais seo tógtha san áireamh sa Straitéis nua.

Aithníodh riachtanas amháin *de* Scoileanna Gaeltachta sa Phlean Ghníomhaíochta i 2018 leis an sprioc seo a leanas ‘6.1 Support the development of the Gaeltacht e-hub initiative to facilitate interschool collaboration on the use of digital technologies to broaden subject choice for learners’.

Sa Phlean Ghníomhaíochta i 2019 luadh: ‘A cluster of six Gaelscoileanna, in Dublin and Kildare will work on a project which aims to improve Computational Thinking Skills through the use of Robotic materials, with a particular emphasis on expanding the range of resources available in Irish.’ agus ‘Continue to support the development of the Gaeltacht ehub initiative to facilitate interschool collaboration on the use of digital technologies to broaden subject choice for learners...’.

RÁITEAS I LEITH NA GAEILGE 2006

‘Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí maraon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.’

STRAITÉIS 20 BHLIAIN DON GHAEILGE 2010 - 2030

‘Déanfar raon leathan de théacsleabhair, d’ábhair theicneolaíochta nua agus d’acmhainní le cuidiú le múineadh na Gaeilge agus le múineadh trí Ghaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil.’

‘Ní mór modhanna traidisiúnta agus nuálacha araon a úsáid chun leas a bhaint as na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a léamh agus a scríobh, lena n-áirítear táirgeadh meán clóite agus litríochta sa teanga, agus úsáid na teanga san oideachas, sa chultúr agus in áineas.’

‘Ba chóir leas a bhaint freisin as na meáin agus as teicneolaíochtaí nua chun méadú ar rannpháirtíocht an phobail i léamh agus i scríobh na Gaeilge ar bhealaí nua agus in áiteanna nua.’

‘Siocair go mbíonn teicneolaíochtaí agus teicnící margaíochta ag fabhrú de shíor, is dócha go dtiocfaidh athrú suntasach ar an straitéis is éifeachtaí chun forbairt a dhéanamh ar léamh agus scríobh na Gaeilge sna blianta amach romhainn agus go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh air go leanúnach. Tacófar le léamh agus le scríobh na Gaeilge le DLúthdhioscaí, DVDanna, closleabhair, agus meáin chlóite go gearrthéarmach agus go meántéarmach’

‘clár um léitheoireacht threoraithe i scoileanna ag pointí sonracha idirghabhála (e.g. i rang a cúig sa bhunscoil, san idirbhliain in iar-bhunscoileanna agus i gColáistí Samhraidh Gaeilge, áit a mbeadh éisteacht le leabhair agus léamh leabhar agus ábhar eile i nGaeilge faoi stiúir údair nó criticeora le tacú le nósanna léitheoireachta aonair a fhorbairt’

‘Iarrfaidh an Rialtas go mbeidh an Ghaeilge san áireamh i ngach clár TFC a fhorbróidh an AE. Oibreoidh sé go gníomhach freisin le mórsholáthóirí TF le ríomhchláir TF sa Ghaeilge a cheadúnú agus a dháileadh. Déanfar forbairt ar straitéis TF le téarmaíocht TF agus acmhainní foclóireachta; logánú agus feidhmchláir foinsí oscailte; airíonn comhéadain agus teanga inmhalartaithe; fearais chruthaithe ábhair bhreise le cur le seiceálaithe litrithe agus foclóirí leictreonacha; marcóirí diaicritice; leathanaigh ghréasáin ilteangacha; téarmaíocht d’aistriúchán ríomhaire; córais bhainistíochta ábhar/doiciméad ilteangach; saincheisteanna agus corpais teicneolaíochta teanga; teicneolaíocht cainte, sintéis cainte, aithint cainte, teicneolaíocht oiriúnaithe agus ceisteanna leabaithe; tógáil acmhainne d’úsáideoirí deiridh agus saineolaithe teicneolaíochta; ríomhfhoghlaim agus an Ghaeilge; bogearraí do ghlaio-ionaid; bunachar sonraí cúil agus dátheangachas/ilteangachas; meiteashonraí; feistí soghluaiste; aithint optúil carachtar; agus aithint lámhscríobh. Ní mór forbairtí TF den sórt sin a leabú freisin i gcleachtais a bhaineann le hoideachas, i gcleachtais shóisialta agus i gcleachtais a bhaineann leis an obair le go mbeidh siad ina modhanna éifeachtacha chun cumarsáid fheabhsaithe a chur ar fáil.’

PLEAN GHNÍOMHAÍOCHTA 2018 - 2022

‘Déanfar forbairt bhreise ar ábhair Séideán Sí, le húsáid i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge, trí leabhair a dhigitiú agus leanúint le forbairt ar acmhainní idirghníomhacha, aipeanna san áireamh, le haghaidh gach ranga.’

‘Leanfar le forbairt ar an suíomh idirlín www.cogg.ie mar thairseach d’acmhainní foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an oideachas Gaeltachta agus leis an oideachas trí Ghaeilge.’

‘Déanfar féachaint ar an bhféidearthacht do sheomraí ranga fíorúla chun go ligfí síneadh a chur leis an soláthar ábhar trí Ghaeilge sa tsraith shinsearach i scoileanna Gaeltachta.’

‘Ar nós mórán gach mionteanga, tá an ‘Ré Dhigiteach’ ag cothú dúshláin agus deiseanna don Ghaeilge. Leis an réabhlóid dhigiteach, tá borradh faoi na mórtheangacha, go háirithe an Béarla, rud a chuireann leis an mbaol ina bhfuil go leor de mhionteangacha an domhain.’

‘Chun na deiseanna teicneolaíochta seo ar fad a threisiú san am amach romhainn, tá Plean Digiteach don Ghaeilge á ullmhú faoi láthair. Tá sé ríthábhachtach plean dá leithéid a fhorbairt ós rud é go bhfuil baol ann go mbeidh an teanga fágtha taobh thiar ó thaobh na teicneolaíochta de.’ Is gá é seo a thógáil san áireamh agus an Straitéis Dhigiteach do scoileanna a fhorbairt.

POLASÁÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017 - 2022

‘Go háirithe, tá gá lena chinntiú go bhfuil na hábhair oideachais Ghaeilge atá ar fáil inrochtana i dtéarmaí ábhair teanga d’fhoghlaimoirí agus go bhfuil cáilíocht na n-ábhar atá ar fáil ionchurtha le cáilíocht na n-ábhar atá ar fáil as Béarla. Tá gá freisin lena chinntiú go bhfuil na hábhair Ghaeilge ar fáil do raon uile na n-ábhar, go háirithe ag leibhéal na hiarbhunscoile, agus go nuashonraítear na hábhair theanga ar bhealach tráthúil de réir mar a thagann curaclaim nua ar an saol.’

‘Tairseach thiomnaithe ar líne a bhunú do scoileanna Gaeltachta agus do sholáthar i gcoitinne trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacsanna príomhshrutha agus RSO le naisc le Scoilnet ó Ráithe 1, 2018’

‘Fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le molscoil nó ríomhscoil a bhunú le seomraí ranga fíorúla mar rogha chun leathnú a dhéanamh ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil do scoláirí in iarbhunscoileanna beaga. arbhunscoil moil phíolótach a bhunú i scoil mhór Ghaeltachta atá nasctha le roinnt iarbhunscoileanna níos lú agus aonad amháin ar a laghad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a chur san áireamh’

‘An soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú sna 3 aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge atá ceangailte le hiarbhunscoileanna sa Ghaeltacht, más indéanta: · an t-aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a lonnú i bhfoirgneamh scartha ón máthairscoil · an t-aonad a nascadh le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge · fiosrú ar fhéidearthacht an tseomra ranga fíorúil chun soláthar ábhar a leathnú sa tsraith shinsearach · an soláthar trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil trí thimthriall iomlán na hiarbhunscoile san aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht leis na bearta sin a chur i bhfeidhm i ngach ceann de na haonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (3 san iomlán) atá ar fáil faoi láthair ag leibhéal na hiarbhunscoile agus a chur i bhfeidhm mar is cuí’

‘Tairseach thiomnaithe tacaíochta agus acmhainne a bhunú do scoileanna Gaeltachta agus san earnáil oideachais trí mheán na Gaeilge le naisc le Scoilnet agus suíomhanna ábhartha’

‘Is i bhfearrann na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) atá an cumas le feabhas a chur ar rochtain ar sholáthar níos leithne curaclaim trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile. Dá mbunófaí mol nó ríomhscoileanna le seomraí ranga fíorúla i scoileanna atá ann cheana nasctha le roinnt scoileanna beaga a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge nó aonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i limistéir Ghaeltachta, chuideofaí le leathnú ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil do scoláirí, go háirithe iad siúd sa tsraith shinsearach, sna scoileanna sin.’

STAI DÉAR TAIGHDE AGUS MEASTÓIREACHTA AR AN SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA

‘Ba chóir do gach scoil féachaint chuige go mbainfear úsáid éifeachtach as an teicneolaíocht dhigiteach sa teagasc agus san fhoghlaim lena chinntiú go mbeidh deiseanna ag daltaí/scoláirí an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as na hardáin dhigiteacha éagsúla.’

‘le níos mó deiseanna a thabhairt do scoláirí acmhainní digiteacha a úsáid san fhoghlaim chun a gcuid spéise agus rannpháirtíochta a mhéadú’

‘Ba chóir do gach scoil féachaint chuige go mbainfear úsáid éifeachtach as an teicneolaíocht dhigiteach sa teagasc agus san fhoghlaim lena chinntiú go mbeidh deiseanna ag daltaí/scoláirí an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as na hardáin dhigiteacha éagsúla.’

MOLTAÍ

- Is gá traenáil a thabhairt d’ábhar oidí chun déileáil as Gaeilge leis na forbairtí teicneolaíochta agus digiteacha a bhaineann leis an gcóras oideachais
- Is gá traenáil leanúnach as Gaeilge a thabhairt do mhúinteoirí chun go mbeidh síos in ann déileáil le hathruithe teicneolaíochta agus digiteacha sa todhchaí
- Is gá a chinntiú go mbeidh aon fhorbairtí teicneolaíochtaí nó digiteacha nua a bheidh le húsáid sa chóras oideachais forbartha as Gaeilge ag an am ceanna leis an mBéarla agus nach mbeidh an Ghaeilge mar athsmaoineamh
- Tá gá le tascfórsa a bhunú le plé le cianobair. Ba chóir go mbeidh an tacaíocht chéanna as Gaeilge curtha ar fáil ag an am céanna do scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna leis na scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla sa chás go mbeidh ar dhaltaí cianobair ón mbaile arís. Níor tharla seo sa chéad dianghlasáil, m.sh. sháraigh an Roinn Oideachais an tAcht Oideachais nuair a chinn sí tairseach ar líne chun go gcláródh mic léinn do ghráid ríofa san Ardteist a chur ar fáil i mBéarla amháin. .
- Ba chóir go dtógfaidh an Straitéis san áireamh nach bhfuil soláthar sásúil leathanbhanda ar fáil do gach scoil sa Ghaeltacht go fóill agus feidhmiú dá réir.
- Is gá a chinntiú go mbeidh leagan Gaeilge ar fáil d’aon fheidhmchláir nó aip a bheidh in úsáid i scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla.
- Ba chóir a chinntiú go mbeidh Wi-Fi ar fáil i ngach scoil le cabhrú le húsáid trealamh gan stró ar nós scáileáin idirghníomhach soghluaiste.
- Tá cianfhoghlaim á n-úsáid ag na scoileanna ar na hoileáin Ghaeltachta agus beidh scoileanna satailíte ann amach anseo. Beidh na scoileanna sin ag braith go mór ar an teicneolaíocht le hábhair éagsúla a mhúineadh. Is gá an riachtanas seo a thógáil san áireamh sa Straitéis Dhigiteach do scoileanna.
- Ba chóir a chinntiú go mbeidh aon tairseach atá múinteoirí ag úsáid ar fáil as Gaeilge chomh maith leis an mBéarla.
- Caithfear a chinntiú go mbeidh gach acmhainn d’oideachais riachtanais speisialta curtha ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Ní chóir go mbeidh aon pháiste faoi mhíbhuntáiste de bharr nach bhfuil an acmhainn chun cabhrú / tacú leis an riachtanais speisialta ar fáil as Gaeilge.

CONCLÚID

Mar atá feicthe san aighneacht seo tá dualgais ann faoi Straitéis 20 Bhliain don Ghaeilge an t-oideachas trí Ghaeilge a fhorbairt agus na hacmhainní teicneolaíochta don oideachas a chur ar fáil. Is gá é sin a thógáil san áireamh sa Straitéis Dhigiteach nua. Cé go raibh gníomh nó dhó luaite sna pleananna gníomhaíochta i 2018 agus i 2019, tá i bhfad Éireann níos mó le déanamh agus ba chóir na gníomhartha molta againn thuas a chur san áireamh sa straitéis agus sna pleananna nua gníomhaíochtaí a éireoidh as an straitéis. Is gá don Straitéis an Polasaí don Oideachas Gaeltachta a thógáil san áireamh go sonrath chomh maith.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil má tá aon cheist ann maidir le haon ghné den aighneacht seo.